Pacáiste Drámaíochta do Scoileanna Lá Seimineáir 2

An Clár

- Ceachtanna:
  - Imirce lth.2
  - Sinéad agus an Learscáil Taisce lth.6
  - Cáitín ag Bogadh Tí lth.10
- Ag Próiseáil Dráma na Scoile lth.15
- Teampláid Fhorbhreathnaithe:
  - Na Trí Mhuca lth.19
- Moltaí don Tacbhosca lth.20

Seisiún 1

1. Ag Ullmhú don Suíomh (5 nóiméad)
Scéalaíocht mar réamhthús - ceol

Fadó fadó i bhfad i gcéin, i mbaile beag Cois Cuain, bhí comhluadar beag ina gcónaí le chéile .
Ba dhaoine iad muintir na háite a bhíodh ag obair go dian agus tháinig an chuid is mó dá dteacht isteach ón iascaireacht .Chuir siad a nglasraí féin ag fás, agus thug said aire don oileán toisc go raibh sé mar bhaile ag a lán ainmhithe, feithidí agus bláthanna.
Um thráthnóna, bhíodh na teaghlaigh ag suí cois tine agus obair an lae á phlé acu. Thaitin leo a bheith ag caint faoi nuacht an lae agus ag labhairt faoi na rudaí a dheanfaidís an lá dar gcionn.
Thaitin leo labhairt freisin faoin gcruinniú míosúil a bhíodh acu i gcearnóg an bhaile. Ba mhór an deis é seo chun bualadh lena gcomharsana agus le Méara an bhaile a bhí cineálta, agus a bhí i gcónaí ag faire amach don rud is fearr do mhuintir an bhaile.
Ní raibh a lán rudaí acu féin, ach bhí áit acu sa teach do rudaí speisialta a bhí mar chuimhneachán ar na nithe tábhachtacha ina saol, ar an obair, agus ar ghaolta a bhí imithe ar shlí na firinne. Bhreathnaigh siad go minic ar na nithe seo agus labhair siad faoin saol a bhí thart.

Déan plé orthu seo leis an ngrúpa:

- *Céard atá ar eolas againn go dtí seo?*
- *Cá bhfuil suíomh an scéil lonnaithe?*
- *Céard atá ar eolas againn faoi na daoine i gCois Cuain?*
- *Cén cineál oibre a dhéanann siad?*
- *Déan cur síos ar an oileán.*

2. Ag soiléiriú na rólanna laistigh de gach grúpa clainne (5 nóiméad)
Roinntear an rang i ngrúpaí de 4 / 5.
Beidh gach grúpa mar chlann ar leith i mbaile beag Cois Cuain.
Cuirfidh an múinteoir mionteagasc ó bhéal ar fáil do gach grúpa ar na rólanna ar leith a ghlacfaidh duine nó beirt de na paistí. Seo samplaí de na rólanna do gach grúpa:
Caithfidh seanduine a bheith i bhúr gclann.
Caithfidh aintín nó uncail a bheith i bhúr gclann.
Ní féidir ach le tuismitheoir amhain a bheith i bhúr gclann.
Tá báibín óg i bhúr gclann.
Tá beirt dhéagóir i bhúr gclann.

Tabhair am do na páistí socrú a dhéanamh maidir le cé hiad féin sa chlann (ról agus carachtar) Ní féidir leo bheith mar bháibín nó mar pheata cé go bhféadfadh báibín nó peata a bheith sa chlann, agus má tá, ba chóir go mbeadh sé seo soiléirithe.
Iarr ar gach clann an spás a bheidh in úsáid acu sa seomra a roghnú.

3. Dealbhú ar an gClann (5nóiméad)
Déanfaidh gach clann dealbhú anois ar íomhá ón ócáid sin nuair a bhíonn siad go léir bailithe le chéile ag deireadh an lae. Tabhair cúpla nóiméad do na páistí le hobair a dhéanamh ar seo.
Ar chomhaireamh 3 taispeánfaidh gach grúpa a n-íomhá féin do na grúpaí eile. Beidh comhaireamh don tosú do gach grúpa, ceann i ndiaidh a chéile, agus seans ag na grúpaí eile breathnú ar seo.

4. Ag gluaiseacht ón íomhá dealbhaithe chuig grúp-thobchumadh gairid (5nóiméad)
Déanfaidh gach grúpa an íomhá neamhbheo a léiriú ag an am céanna.
Fan do chomhaireamh 3 agus ansin cuir beocht isteach san íomhá. Déanfaidh an grúpa tobchumadh ar feadh nóiméid ar ócáid an teacht le chéile um thráthnóna. (Ag tógáil ar charachtar laistigh de shuíomh clainne)
Stopfaidh gach rud nuair a thugann an múinteoir an nod.

5. Tacaí a úsáid chun tuiscint níos fearr a fháil ar na carachtair i ngach clann (10nóiméad)
Beidh réimse tacaí ag an múinteoir a roinnfear amach ar gach grúpa.
Is samplaí de thacaí iad seo a leanas: grianghraf / litir / bréagán / hata / sliogán / leabhar/ píosa seodra.
Tá an-suntas ag baint leis an rud seo do do chlann. Tá sé an-luachmhar agus tugann sé cuimhní an-bheoga chun tosaigh daoibh uile nó ar a laghad do dhuine amháin sa ghrúpa.
Tabhair deis do na páistí plé a dhéanamh ar thábhacht an taca seo agus an chúis go bhfuil sé chomh tábhachtach sin. Míneoidh duine amháin ó gach grúpa an tábhacht a bhaineann leis an taca do na grúpaí eile. (Tugann sé seo deis do na grúpaí ionbhá a bheith acu agus léargas a fháil ar dhaoine eile atá ina gcónaí ina mbaile beag féin)

Críoch
Inis do na páistí go mbeidh muintir an bhaile ag teacht le chéile ag an gcruinniú míosúil i gcearnóg an bhaile sa chéad seisiún drámaíochta eile. Beidh seans acu bualadh lena gcomharsana agus beidh teachtaireacht thábhachtach le tabhairt ag an Méara dóibh.

Seisiún 2

Réamhrá (5nóiméad)
Téigh siar ar an seisiún deireannach. Abair leis na páistí anois go bhfuil siad chun ullmhú don chruinniú míosúil.

Ag soiléiriú na rólanna laistigh de gach grúpa clainne (5 nóiméad)
Beidh plé ag an múinteoir i gcomhpháirt leis an rang ar an mbealach ina ndéanfar cearnóg an bhaile a leagan amach agus ar an áit ina mbeidh an cruinniú ar siúl.
Bain úsáid as éadach chun cearnóg an bhaile a mharcáil amach.
Beidh na rólanna céanna arís eile ag na páistí a bhí acu sa seisiún dheireannach.
Rachaidh muintir an bhaile go léir isteach i gcearnóg an bhailea agus suífidh siad ar an urlár. Iarr ar na páistí smaoineamh céard ba mhaith leo a rá leis an méara – an bhfuil aon rudaí ag cur imní orthu nó a ba mhaith leo a ardú, nó an bhfuil aon nuacht acu a ba mhaith leo a roinnt ar dhaoine eile?

Mionteagasc folaithe (5 nóiméad)

3. Dealbhú ar an gClann (5nóiméad)

Nuair a bhíonn muintir an bhaile ag teacht le chéile agus ag glacadh a n-áiteanna tabharfaidh an múinteoir mionteagasc folaithe do 4 nó 5 do mhuintir an bhaile. Cuir i gcuimhne dóibh gan aon rud a rá go dtí go dtugann an Méara an fógra mór.
Mionteagasc / Nod 1 : *Tá scéal tagtha go bhfuarthas ór ar oileán Manangua tamall ón áit seo. Tá siad go mór ag tóraíocht oibrithe nó fiú teaghlaigh chun teacht agus cuidiú leo leis an tochailt. Chuala sibh nach bhfuil muintir an oileáin seo cairdiúil in aon chor.*
Mionteagasc / Nod 2 : *Tá scéal tagtha go bhfuarthas ór ar oileán Manangua tamall ón áit seo. Tá siad go mór ag tóraíocht oibrithe nó fiú teaghlaigh chun teacht agus cuidiú leo leis an tochailt. Chuala sibh go labhraíonn muintir an oileáin seo teanga eile.*
Mionteagasc / Nod 3: *Tá scéal tagtha go bhfuarthas ór ar oileán Manangua tamall ón áit seo. Tá siad go mór ag tóraíocht oibrithe nó fiú teaghlaigh chun teacht agus cuidiú leo leis an tochailt. Chuala sibh go bhfuil na scoileanna an-mhór le breis agus 200 páiste.*
Mionteagasc / Nod 4: *Tá scéal tagtha go bhfuarthas ór ar oileán Manangua tamall ón áit seo. Tá siad go mór ag tóraíocht oibrithe nó fiú teaghlaigh chun teacht agus cuidiú leo leis an tochailt. Chuala sibh nach bhfuil go leor tithe ar fáil.*
Mionteagasc / Nod 5 : *Tá scéal tagtha go bhfuarthas ór ar oileán Manangua tamall ón áit seo. Tá siad go mór ag tóraíocht oibrithe nó fiú teaghlaigh chun teacht agus cuidiú leo leis an tochailt. Chuala sibh gur bocht na seirbhísi atá ar fáil ansin do sheandaoine.*

MIR – An Múinteoir i Ról mar Mhéara (10 nóiméad)
(Tugann sé/sí oráid do mhuintir an bhaile agus é/í beagán trí chéile)
A mhuintir an bhaile, a chairde dhíl, Ta teachtaireacht an-tábhachtach le tabhairt agam daoibh agus caithfidh sibh éisteacht go cúramach. Beidh tionchar aige seo ar bhúr saoil uile. Is oth liom a rá go bhfuil ár mbaile faoi bhagairt. Beidh gaoth mhór ag teacht go luath. Is í an ghaoth chéanna a tháinig cheana agus a scrios ár mbaile agus a mharaigh roinnt dár ngaolta roinnt bliana ó shin. Ní mór dúinn go léir fágáil go luath. Tá bád sa chuan ach beidh sé ag fágáil amárach. Ar ais abhaile libh anois agus ullmhaigí sibh féin don turas. Ná tóg libh ach na rudaí atá riachtanach. Tá an-dóchas ann dúinn go léir áfach. Tá scéal tagtha go bhfuarthas ór ar oileán Manangua tamall ón áit seo. Tá siad go mór ag tóraíocht oibrithe nó fiú teaghlaigh chun teacht agus cuidiú leo leis an tochailt.
Ag an bpointe seo beidh muintir an bhaile a bhfuil an mionteagasc faighte acu cheana féin ag cur isteach ar an gcaint lena ráflaí féin mar atá cloiste acu faoin oileán
Tagann an múinteoir amach as ról.

Tobchumadh don ghrúpa uile (5 nóiméad)
Siúlfaidh na páistí i ról timpeall ar chearnóg an bhaile agus iad ag caint lena chéile agus ag trácht ar fhógra an Mhéara. Caithfidh gach páistí bheith ag gníomhú le beirt eile ar a laghad. Plé leis na daoine ar a gcasann tú conas mar a chuirfidh an scéal seo as duit féin agus dod' chlann.

Déan liosta de na rudaí is gá a thógaint (10 nóiméad)
Déanfaidh an múinteoir léirsmaoineamh leis na páistí ar na nithe a ba chóir dóibh a thabhairt leo.
Smaoinigh ar an gclann agus ar na rudaí a bheadh riachtanach.
Smaoinigh ar mhéid na rudaí a chaithfidh sibh a thabhairt libh
Céard eile atá tábhachtach?
Seans go gcaithfidh sibh smaoineamh ar an áit ina bhfuil sibh ag dul agus ar na rudaí a bheadh úsáideach i Manangua.

Rachaidh na páistí agus iad fós i ról ar ais go dtí a dtithe. Caithfidh siad 5 nóiméad mar chlann ag plé céard a thógfaidh siad leo ar an mbád.
Déan liosta de na rudaí ata á thógaint acu leo – gan ach na rudaí is féidir leo a iompar.
Tabhair 5 nóiméad do na páistí ina gclanna chun liosta a scríobh amach.

Scéal insint mime le ceol: Ag dul go dtí an bád an lá dár gcionn (5 nóiméad)
Tiocfaidh na grúpaí go léir le chéile agus iad réidh le himeacht.
Déanfaidh an múinteoir an scéal a insint faoin turas go dtí an bád.
Inis don ghrúpa go bhfuil tú chun an scéal a insint faoin turas óna mbaile go dtí an bád.

Tháinig an mhaidin faoi dheireadh. Dhúisigh muintir an bhaile le fuaim na gaoithe agus bhí a fhios acu nach fada go dtí go mbeadh an stoirm tagtha chun an oileáin.
Lean siad ar aghaidh le gnáth-obair na maidine…ag adú na tine, ag ullmhú an bhoird don bhricfeasta, ag scuabadh an urláir …ach bhíodar go léir ar tineall le mothúcháin faoina raibh le tarlú.
Bhí cuid acu ag súil leis an athrú a bhí rompu ach bhí faitíos ar dhaoine eile mar ní raibh siad ag súil leis an mbaile a fhagáil agus an doras a dhúnadh don uair dheireannach.
Phioc siad suas na rudaí a bhain leo agus sheas siad ag an doras tosaigh don uair dheireannach…agus thosaigh siad ar a dturas.
Bhí an mhaidin fuar go leor ach tirim agus nuair a bhí siad ag siúl i dtreo an bháid, bhuail siad le clanna eile ar an mbealach. Bhí cuid acu ró-thuirseach le labhairt agus lean na seandaoine orthu ag breathnú siar chun sracfhéachaint eile a bheith acu ar an tseanbhaile. Bhí sé deacair orthu gach rud a bhain leo a iompar ach thóg siad go réidh é agus chuidigh siad lena chéile de réir mar a bhí gá leis.

Tar éis achair ama a mhothaigh cosúil le huaireanta an chloig agus iad ag gluaiseacht agus ag iompar, chonaic duine de mhuintir an bhaile an bád amach rompu……..
Bhí an nóiméad tagtha nuair ab éigean dóibh fágaint don uair dheireannach

Féidireachtaí breise
1. D'fhéadfadh gach páiste tuairisc phearsanta a scríobh i ról faoin tseachtain dheireannach a chaith siad sa bhaile beag Cois Cuain.
2. Déan colláis a léiríonn na tuairimí atá ag na clanna faoin áit ina bhfuil siad ag dul.

Seisiún 3:An turas ar an mbád
Seisiún 4:Oiliún Manangua

Sinéad agus an Léarscáil Taisce
Naíonáin/Rang a hAon

Réamhrá

Tá an tsraith ceachtanna seo bunaithe go scaoilte ar an scéal Seán agus an Gas Pónaire. Tá bréagnú déanta ar an scéal ionas nach mbeidh na páistí ceangailte le tuiscint an scéil mar atá cheana féin acu. Cuidíonn a leitheid le cothú na smaointeoireachta gus scaoileann sé an chruthaitheacht isteach. Cailín darb ainm di Sinéad atá sa scéal in ionad Seán, a dhíolann an bhó ar léarscáil taisce in ionad na pónairí draíochta. Tá cló dhubh ar na gníomhaíochtaí drámaíochta atá léirithe ar an bhfíseán.

Ábhar: Luachanna Clainne

Ceacht 1

Cuspóir1: cumas a fhorbairt feidhmiú i ról mar chuid dhílis de ghníomhaíocht
Cuspóir 2: an cumas a fhorbairt, i ról, cumarsáid a dhéanamh le daoine eile agus comhoibriú leo i múnlú drámaíochta

Réamhrá: Roinn na páistí i ngrúpaí de 4/5. Abair leis na páistí gur grúpa cairde iad ag dul abhaile ón scoil. Iarr ar an ngrúpa ainm a roghnú dá gcarachtair féin, ag míniú dóibh go gcaithfidh Sinéad a bheith mar ainm ag duine amháin.

Gníomhaíocht Beochana: **Slow-mo Samurai – Glacann na páistí ina mbeirteanna ról an ghasaíoch Samurai. Ar mhallghluaiseacht troideann go dtí an bás. Úsaidtear lámh amháin mar chlaíomh barr-nimhithe agus bíonn an lámh eile taobh thiar den droim. Má bhuaileann an claíomh barr-nimhithe iad tagann bás mall pianmhar orthu.**

Forbairt: Cuir ar fáil liathróidí, málaí pónairí, mirlíní, paca cártaí, srl. agus iarr ar gach grúpa cluichí clóis a imirt i ról.
Le linn do na cluichí a bheith ar bun iarr ar gach Sinéad ó na grúpaí teacht go cúinne ar leith sa seomra ranga agus tabhair an mionteagasc folaithe (nód eolais) seo dóibh:

> Níl aon airgead agat. Tá gá ag do Mham le haon airgead atá aici chun bia a cheannach agus ní feidir leat iarraidh uirthi d'airgead. Tá tú brónach faoi seo. Ta airgead ag formhór do chairde chun milseáin a cheannach agus dul go háiteanna éagsúla ach ní mar seo duitse.

Tabhair an mionteagasc follaithe seo do na daoine eile go léir sna grúpaí:

> Beidh sibh go léir ag dul go dtí an amharclann chun an scannán is fearr libh a fheiceáil. Tá sibh ar bís chun grán rósta, maltesers agus cóc a bheith agaibh. Tá sceitimíní áthais oraibh. Cosnaíonn na ticéid 10 euro an ceann agus tá 5 euro agaibh le caitheamh sa siopa. Caithfidh sibh a dheimhniú go dtéann bhúr gcairde uile go dtí an phictiúrlann, Sinéad san áireamh.

Lig do na páistí tobchumadh a dhéanamh ar an radharc agus iad ag tabhairt ar an mionteagasc follaithe.
Tabhair seans do na grúpaí, ceann ar cheann, an tobchumadh a léiriú.

Críoch: As ról teann oibríonn an múinteoir i gcomhpháirt leis na leanaí faoi –

> conas mar a mhothaíonn Sinéad
> céard ba chóir di a dhénamh
> conas mar ba chóir di an t-airgead a bhailiú.

Tugann an múinteoir le fios go bhfuil bó ag Sinéad a d'fhéadfadh sí a dhíol.

Ceacht 2
Cuspóir 1: cumas a fhorbairt fócas na gníomhaíochta drámataí a choinneáil beo
Cuspóir 2: léargais a ghnóthaítear i rith na drámaíochta a roinnt le daoine eile

Réamhrá: Téigh siar ar an méid a tharla gCeacht 1. Insíonn an múinteoir don rang go bhfuil sé beartaithe ag Sinéad an bhó a dhíol. Caithfidh sí dul léi go dtí an margadh agus cuidiú leis an díolachán.

Gníomhaíocht Beochana: Cuireann an múinteoir na páistí ag caint faoi na nithe a bheadh le cloisteáil agus le feiceáil acu ag margadh. Roghnaíonn gach páiste ansin ceann de na fuaimeanna seo agus cleachtaíonn sé/sí é:

- bonnáin (sirens)
- fuaimeanna na n-ainmhithe
- díoltóirí
- leanaí ag súgradh / ag gáire / ag caoineadh
- fuaimeanna tráchta

Déanann na páistí na fuaimeanna ag an aon am amháin chun fuaimdhreach den mhargadh a chruthú.

Forbairt: Léiriú súl de Shinéad ag siúl tríd an mhargaidh lena bó. Conas mar a bhrathann sí? Tá sí brónach, ocrach, uaigneach, tuirseach. Conas mar atá sí ag siúl? An bhféachann sí cosúil le haon duine eile? An labhraíonn sé le haon duine?
Smaoineamh lorg den léiriú súl. Cuireann an múinteoir lámh ar roinnt gualainne agus iarrann sé/sí ar na daoine sin a smaointe a chur in iúl .
Múinteoir i Ról mar Shinéad (carabhat á chaitheamh-comharthóir) agus iarrann ar chairde Shinéid aire a thabhairt don bhó ar feadh cúpla nóiméad nuair a bhíonn sí ag breathnú timpeall ar an margadh.
Múinteoir i Ról mar Mhangaire (caitheann hata-comharthóir) ag bunú cairdis leis na leanaí, mar shampla: - Sin bó an deas atá agaibh.

- **An dóigh libh go bhfaighidh sí móran airgid uirthi?**
- **Céard a dhéanfaidh sí leis an t-airgead nuair a fhaigheann sí é?**
- **An bhfuil sí cairdiúil le Sinéad?**
- **An dteastaíonn uaibh cabrú léi?**

Deir an Mangaire go gceannóidh sé an bhó ar 'rud' i bhfad níos fearr ná 200 euro'. Is rún mór é an 'rud' seo. Ceadaíonn an Mangaire do leanbh amháin an píosa páipeir atá a ofráil aige / aici a scrúdú. Iarr ar an bpáiste an t-eolas a roinnt leis an gcuid eile den rang – nóiméad.
Díríonn an Múinteoir i Ról an Mhangaire an comhrá ar na páisti a chur ag smaoineamh:

- **Na páistí a mhealladh chun iniúchadh agus plé a dhéanamh ar a bhfuil ar an léarscáil.**
- **Cinneadh a dhéanamh an bhfuil sé go maith nó go holc an bhó a dhíol don léarscáil**
- **Cuireann an Mangaire brú ar na páistí cinntí a dhéanamh ag baint úsáide as tréimhse cúng ama, mar shampla, tá an léarscáil ag teastáil ó dhuine eile só caithfear an cinneadh a dhéanamh anois.**

Tógann na Mangaire an bhó leis ar feadh cúpla nóiméad chun seans a thabhairt do na páistí.

Críoch: As ról iarrann an múinteoir ar na páistí an scéal faoinar tharla ag an margadh a insint.

Ceacht 3
Cuspóir 1: tosú ar a thabhairt faoi deara mar a chuireann teannas leis an drámaíocht
Cuspóir 2: na léargais a gnóthaíodh i rith na drámaíochta a roinnt le daoine eile

Réamhrá: Dul siar ar an méid atá déanta go dtí seo sa Drámaíocht.

Forbairt: Tagann an Múinteoir i Ról mar Shinéad (caitheann sé / sí carabhat-comharthóir) ar ais agus tugann faoi deara go bhfuil an bhó díolta. Leanann tobchumadh don rang uile nuair a bhíonn na páistí ag iarraidh díol na bó a mhíniú. Cuireann siad ina luí ar Shinéad tar éis dóibh an learscáil a thaispeáint do gur rud ciallmhar a bhí ann. Tagann scetimíní uirthi.
As Ról ceistíonn an múinteoir na daltaí, mar shampla:
- **Conas mar a éireoidh le Sinéad sa bhaile?**
- **Céard a cheapann an mháthair a thógfaidh sí abhaile?**
- **An dóigh leat go mbeidh a máthair crosta?**

Ina mbeirteanna glacann na páistí ról na máthar agus ról Shinéid.
As ról tugann an múinteoir an mionteagasc folaithe seo do na máithreacha:
Tá gá agat le hairgead. Níl aon bhia.agat. Tá billí le híoc agat. Níl ach airgead ag teastáil uait, ní shasóidh aon rud eile tú.
Cuir mionteagasc go príomháideach ar Shinéad:
Tá áthas ort faoin léarscáil agus tá tú ar bís chun é a thaispeaint do do mháthair. Tá sceitimíní ort agus ceapann tú go mbeidh sceitimíní ar do mháthair..
Tobchumadh a dhéanamh ar an radharc i mbeirteanna.
Léirsmaoineamh ar an tobchumadh.

Críoch: Íomhá Neamhbheo i mbeirteanna idir Sinéad agus a máthar.

Ceacht 4
Cuspóir 1: eolas a chur ar cé mar is féidir spás agus rudaí éagsúla a úsáid chun saol samhailteach a chruthú faoi mar dá mbeadh sé ann i ndairíre
Cuspóir2: an cumas a fhorbairt, as ról, cumarsáid a dhéanamh le daoine eile agus comhoibriú leo i múnlú drámaíochta

Réamhrá: Téigh siar ar a bhfuil déanta sa Drámaíocht go dtí seo. Téann an Múinteoir i Ról mar mháthair Shinéid's (spéaclaí á chaitheamh / coirníní uirthi mar "léiriú róil") an chuma uirthi go bhfuil sí an-trí-na-chéile. Ínsíonn sí go bhfuil sí tar éis argóint a bheith aici le Sinéad agus anois tá Sinéad agus an léarscáil taisce ar iarraidh. Lorgaíonn sí cabhair ar chairde Shinéad chun teacht uirthi.

Forbairt: Plé ar cá mbeadh Sinéad, an léarscáil taisce a thabhairt chun cuimhne agus a athchruthú. As ról cruthaíonn an múinteoir plé ar conas teacht ar an Oileán Taisce, mar shampla: - Conas mar a éireoidh linn dul ann?
- Léarscáil a úsáid chun socrú ar an áit ar an oileán ar chóir cuairt a thabhairt uirthi.
- Cé na fadhbanna a d'fhéadfadh a bheith ann?
- An bhfuil aon chontúirtí ann?
- Cén soláthairtí/fearas a bheidh riachtanach don turas?
- Céard a ba chóir dúinn a chaitheamh?

Sna grúpaí déanann na páistí tobchumadh ar an radharc nuair a bhíonn siad ag ullmhú don turas, mar shampla, buataísí /gloiní cosanta / lapaí/ hataí, srl.

Tobchumadh a dhéanamh ar an turas, mar shampla, turas báid ar fharraige suaite, rábhaíocht go talamh, dul suas cnoc ard, thar nathracha nimhe, ag trasnú srutháin, trí fhorais dhiamhair dhorcha srl.

Críoch: Múinteoirr i Ról mar cheannasaí na fionnachtana the ag an oscailt ar thollán nach n-úsáidtear. An dtéann sé sin i dtreo an chaisleain?

Ceacht 5

Cuspóir 1: an tionchar a bhíonn ag saol ficseanach san am atá thart agus ag saol ficseanach a shantaítear don am atá le teacht ar ghníomhaíocht dhrámata láithreach a eispéiriú
Cuspóir 2: an coibhneas idir scéal, téama agus taithí an tsaoil a eispéiriú trí mheán na drámaíochta

Réamhrá: Físiú ar an tollán agus ar an taobh istigh den chaisleán. Déantar smaoineamh lorg ar roinnt de na páistí.

Forbairt: Téaltú tríd an tollán agus isteach sa chaisleán go dtí go dtagann siad ar an seomra ina mbíonn Sinéad.
Múinteoir i Ról mar Shinéad (carabhat á chaitheamh mar "léiriú róil") agus cuma sásta uirthi. Tá sí an-sásta a cairde a fheiceáil ach níl aon deifir uirthi an caisleán a fhágáil. Míníonn sí go bhfuil an Fathach an-chineálta agus an-chairdiúil, agus go bhfuil a lán bréagán, cluichí agus giúirléidí tugtha aige di. Bíonn an caisleán te i gcónaí agus bíonn neart bia le n-ithe.
Caithfidh na páistí sa ról iomlán mar chairde Shinéad's a chur ina luí ar Shinéad go gcaithfidh sí teacht abhaile.
As ról is féidir leis an múinteoir luachanna clainne a phlé, agus an tabhacht níos mó a bhaineann le grá agus le cairdeas ná le rudaí abhárthacha.
Téann sé seo i bhfeidhm ar Shinéad – agus í á rólghlacadh ag an Múinteoir i Ról (carabhat uirthi mar "léiriú róil") - agus tosaíonn sí ar an turas abhaile.

Críoch: Íomhá Neamhbheo i ngrúpaí de 4/5 ag léiriú an teacht le chéile arís le Sinéad agus lena clann.

Drámaíocht do Ranganna Sóisearacha

Téama: "Ag Bogadh Tí"

Tá ceangal scoilte idir an dráma seo agus – A**n Luch Baile agus an Luch Tuaithe"** agus béim á leagan ar na páistí **ag forbairt tuiscint ar spás.**
Sa dráma seo ba chóir go mbeadh teach Cháitín's difriúil ó thimpeallacht baile na bpáistí féin. Caithfidh na páistí na buntáistí a bhaineann le bogadh go timpeallacht na cathrach ar nós a gceann féin a léiriú do Cháitín, agus feasacht á fhorbairt acu dá réir sin ar a**"n-áit féin."**

Ábhar: Athrú

Lionsa Ficseanach: Cáitín – cailín beag ag bogadh ó shaol na cathrach go saol na tuaithe (nó vice versa)

Timpeallacht Shábháilte: B'fhéidir go mba mhaith leis an múinteoir breathnú ar an gconradh drámaíochta ag tús an cheachta. Seans nach mbeidh gá i gcónaí leis seo.

Acmhainní

- Teidí nó Bábóg mar "léiriú róil" do Cháitín
- Album beag grianghrafanna le grainghrafanna de Cháitín, an clann, cairde, múinteoir srl
- Fabraic do theach Cháitín
- Cárta chun na rudaí i dteach Cháitín a léiriú nó a ainmniú
  - Cárta buí – rudaí úsaideacha
  - Cárta dearg / bándearg do rudaí pearsanta
- Litir leis an ofráil ar Phost ann
- Páipéar agus fearas ealaíona do phictiúirí na bpáistí féin ar a dtimpeallacht.

Ceacht 1

Snáithe den Churaclam Dramaíochta:
Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus tuairimí a iniúchadh a chuideoidh le léiriú ar thuiscint

Snáithaonad:
Iniúchadh agus déanamh dramaíochta

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste:

- Eolas a chur ar cé mar is féidir spás agus rudaí éagsúla a úsáid chun saol samhailteach a chruthú faoi mar dá mbeadh sé ann i dáiríre

Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh drámaíochta

- An cumas a fhorbairt, as ról, cumarsáid a dhéanamh le daoine eile agus comhoibriú leo i múnlú drámaíochta

1. Múinteoir i Role -MIR mar Cháitín (Réamhrá)

Cuireann Cáitín (MiR) í féin in aithne do na pásití agus taispeáineann sí dóibh an leabhar atá á iompar aici. Seans go mbeidh **léiriú roil ag an múinteoir do Cháitín** i.e.teidí/bábóg. Is "Albun Grianghrafanna"beag é le pictiúir di féin, dá baile, dá clann, dá cairde ,do mhúinteoirí agus grianghrafanna den timpeallacht. Labhraíonn "Cáitín"-MIR- faoi na grianghrafanna agus meallann sí ceisteanna ó na páistí.

2. Ag Cruthú Tí Cháitín – Leagan Amach Éadaigh

OoR (As Ról) -lábhraíonn an múinteoir leis na páistí faoina bhfuil foghlamtha acu faoi theach Cháitín .
"An cuimhin leat cé na seomraí a bhí i dteach Cháitín?

"Ligfimid orainn gur é an píosa éadaigh seo an teach,

"Cá gcuirfimid an chistin?" etc.

Agus úsáid á baint as píosa mór éadaigh /cárta / páipéir ar an urlár chun an teach a léiriú.

Roinn an spás amach sna seomraí éagsúla agus bíodh plé ag na páistí ar cá rachaidh gach rud?

Beidh gá ag na páistí le píosa beag cárta le hainmneacha na rudaí éagsúla a scríobh, nó a phéinteáil. Smaoiníonn na páistí ar rudaí úsáideacha le cur i ngach seomra – smaoiníonnn an páistí freisin ar rudaí pearsanta maidir le caithimh aimsire agus réimsí spéise Cháitín, agus freisin "rudaí gur geal lena croí". Déantar léaráidí de na nithe úsáideacha ar chartaí buí.
Déantar na rudaí pearsanta a léiriú ar chártaí dearga / bándearga

Glaoigh ar ais ar na grúpaí agus cuir na cártaí ar an éadach–leanfaidh comhrá é seo.

Nóta Ba chóir don mhúinteoir na páistí a mhealladh chun léaráidí a dhéanamh de rudaí a bhaineann le caithimh aimsire Cháitín maraon le rudaí úsáideacha i.e. bróga ballet, bróga peile srl.
D'fhéadfadh an múinteoir cártaí breise a bheith aige / aici a léiríonn na rudaí seo a leanas:
Bróga ballet
Bróga peile
Wheelies /Lainn Rollála
Ticéid don phictiúrlann
Leabhair
Teilifís / playstation/ DVD srl.

3. Gníomhaíocht Dheireannach: Mímghníomhaíocht de Ghnáthlae Cháitín

I ngrúpaí de 2/3 iarr ar na páistí ceann de na cineálacha caithimh aimsire a bheadh ag Cáitín a roghnú agus mím de seo a dhéanamh. Seans gur mhaith leis na grúpaí a ngníomhaíochtaí a léiriú don chuid eile den rang.
.

Ceacht 2.

Snáithe den Churaclam Drámaíochta:
Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus ídéanna a iniúchadh

Snáithaonad:
Iniúchadh agus déanamh drámaíochta

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste:

- Cumas a fhorbairt feidhmiú i ról mar chuid dhílis de ghníomhaíocht

Léirsmaoineamh ar dhrámaíocht

- An cumas a fhorbairt léirsmaoineamh ar an ngníomhaíocht agus í ar siúl

1. Beochan: Ceol :

"Dúisigh, a Cháitín" á chanadh leis an bhfonn "Dusty Bluebells"

"Dúisigh, a Cháitín, as do leaba
Dúisigh, a Cháitín, as do leaba
Dúisigh, a Cháitín, as do leaba
Tá sé in am don scoil."

m.sh. Dúisigh, a Cháitin, glan do fhiacla……(molann na páistí na gníomhaíochta don mhím)
Nigh do aghaidh,
Gléas tú féin

2. Forbairt: MiR mar mháthair Cháitín

Is léir go bhfuil sceitimíní ar mháthair Cháitín agus tá litir ina láimh. Insíonn sí do na páistí go bhfuil post faighte aice sa chathair/faoin tuath. Is post maith atá ann agus theastaigh uaithi i gcónaí bogadh go dtí an chathair / an tuath.Ceapann sí go mbeidh gliondar croí ar Cháitín leis an scéal seo.

MiR mar mháthair Cháitín agus iarrann ar na páisti ar bhog siad tí ariamh agus lorgaíonn sí comhairle orthu. Ní feidir léi gach rud a thabhairt léi agus lorgaíonn sí a gcomhairle faoi na rudaí atá tábhachtach. Cuireann sí liosta le chéile de mholtaí na bpáistí

3. Tobchumadh le Mionteagasc Folaithe

Roinn na páistí i mbeirteanna-duine amháin mar Cháitín agus duine eile mar mháthair Cháitín.
As ról tógann an múinteoir na" Máithreacha" i leathtaobh agus míníonn iad seo:

Mionteagasc do na Máithreacha:
"Tá sceitimíní áthais ort faoin bpost seo sa chathair / faoin tuath. Tá tú ar bís chun é a rá le Cáitín. Síleann tú go mbeidh na sceitimíní céanna uirthi siúd. Caithfidh tú glacadh leis an bpost. Tá gá agat leis an airgead. Níl aon phostanna san áit ina bhfuil cónaí ort anois."

Mionteagasc do na Cáitíns:
"Tá do mháthair chun píosa nuachta a insint duit. Tá post ofráilte di sa chathair / faoin tuath. Tá a fhios agat go gcaithfidh sí glacadh leis an bpost. Is breá leat an áit a bhfuil cónaí ort anois agus ní tehastaíonn uait bogadh. Smaoinigh ar na rudaí go leir a bhrathfaidh tú uait".

Tabhair deis do na páistí **an radharc a thobchumadh** idir Cáitín agus a Mam.

Gníomhaíochtaí Breise:

Cosán Coinsiasa - cúiseanna le himeacht / cúiseanna le fanacht.
Déanann na páistí dhá líne os comhair a chéile-líne amháin mar Cháitín-líne eile mar mháthair Cháitín.
Siúlfaidh an múinteoir síos an cosán agus cloisfidh sé / sí-Cúis Cháitín le fanacht-Cúis Cháitín le himeacht .

As ról labharfaidh an múinteoir leis na páistí faoi na nithe a tháinig chun cinn.
Conas mar a mhothaíonn Cáitín?
Conas mar a mhothaíonn máthair Cháitín?

Ceacht 3.

Snáithe den Churaclam Drámaíochta:
Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus ídéanna a iniúchadh

Snáithaonad:
Iniúchadh agus déanamh drámaíochta
Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste:

- feasacht a fhorbairt i dtaobh an chaoi a gcuidíonn sé/sí, mar bhall de ghrúpa, chun an tsuim a choinneáil beo agus marthanach i ngníomhaíocht dhrámata

Léirsmaoineamh ar dhrámaíocht

- Na léargais a gnóthaíodh le linn na drámaíochta a roinnt le daoine eile

1. "Album Grianghrafanna / Pictiúr"

Téann an múinteoir siar ar an gceacht.

Iarrann an múinteoir ar na páistí cuidiú le máthair Cháitín. Míníonn sé / sí go mb'fhéidir go mbeidh Cáitín ag bogadh agus ag teacht go dtín a scoil siúd-
"An féidir leo smaoineamh ar aon rud faoin áit a thaitneodh, b'fhéidir, le Cáitín?"

Tugann an múinteoir le fios go bhféadfadh na páistí **"Album Grianghrafanna / Pictiúr"** a chur le chéile ar nós an ceann a bhí ag Cáitín ag tús an cheachta, ionas gur féidir leo léiriú a thabhairt ar na rudaí deasa sa cheantar.
Roinntear na páisti i ngrúpaí de 4/5.
Cruthóidh gach grúpa íomhánna a léiríonn gnéithe éagsúla dá gceantar féin m.sh.

Pictiúir Scoile
Pictiúir de Ghníomhaiochtaí i ndiaidh na scoile
Áiteanna /Rudaí atá sa cheantar
Pictiúir de thithe –cineálacha tithe

Cuireann na páistí a bpictiúr le chéile agus déanann siad socrú bualadh le Cáitín.

2. Forbairt - Taispeáineann na páistí grainghrafanna/pictiúir do Cháitín

MIR i ról mar Cháitín agus í ag bualadh leis na leanaí. Insíonn na páistí di go mbeidh an áit go dtín a mbeidh sí ag bogadh difriúil ach deas freisin.
Tógann na páistí a seansanna ar a bpictiúr a thaispeáint di agus chun labhairt léi faoi.
Éisteann Cáitín leis na páistí agus iad ag cur síos ar a n-áit féin gus cuireann sí ar an eolas iad faoi na cosúlachtai agus na difriochtaí idir an dá áit.

3. Críoch - Íomhánna Neamhbheo de Cháitín ina ceantar nua

Cruthaíonn páistí **Íomhánna Neamhbheo nó "Pictiúir**" de Cháitín ina ceantar nua m.sh.

Cáitín ar scoil
Cáitín ina teach nua
Cáitín ag a gníomhaíochtaí tar éis na scoile….i.e. ballet, damhsa gaelach, snámh, rang drámaíochta, sacar, srl.

Leiríonn **comharthóir** Cáitín i ngach Íomhá Neamhbheo. Ba chóir go mbeadh sé seo cosúil leis an rud a d'úsáid an múinteoir chun Cáitín a léiriú le linn an cheachta i.e. teidí/bábóg.

Próiseáil ar an Dráma Scoile
(Treoirlínte a chuideoidh leis an Dráma Scoile a bheith mar Thaithí Ghníomhach Foghlama: curtha in oiriúint ó obair Brian Woolland)

'The School Play is both a 'presentation' and a 'production': it's a product, coming at the end of a lengthy process; the building blocks which go to make it up are, effectively, a series of presentations. Seen in this way, producing the school play need not seem so daunting a task. It requires careful organisation and co-ordination, but it can and should be an activity which originates in classroom drama, which encourages good practice and which furthers the curriculum work of the school.'
(ón leabhar 'The Teaching of Drama in the Primary School le Brian Woolland)

Is é aidhm an doiciméid seo ná roinnt tuairimí a sholáthar don mhúinteoir a chuideoidh le gníomhaíocht an dráma scoile a bheith níos próiséas-bhunaithe. Os rud é gur achar curaclaim ann féin í an dramaíocht agus go roinneann sí an tréimhse clártráith leis na hAmharcealaíona agus leis an gCeol, tá sé tábhachtach gur fíor-eispéaras foghlama a bheidh ann. Is fearr mar sin má eascraíonn an dráma scoile as eispéireas an tseomra ranga seachas a bheith ag díriú go hiomlán ar an scriopt agus ar na stáitsiú. Ba chóir do na páistí ról ghníomhach a bheith acu in ullmhú an dráma agus dá réir sin is lú an strus a chuirfear ar an múinteoir. Is stráitéisí iad seo a leanas ar féidir a úsáid chun na páistí agus a dtaithí ranga a bheith mar chuid den léiriú scoile.

Cén fáth go mbeadh aon Léiriú i gceist?

- ✓ **Oideachasúil –** Taithí luachmhar oideachasúil a bheidh ann dóibh siúd uile a bheidh páirteach.
- ✓ **Caidreamh Poiblí –** Meallann sé teaghlaigh agus cairde chun na scoile.
- ✓ **Traidisiún**
- ✓ **Gradam –** Tarraingíonn sé aird an phobail agus an dearcaidh áitiúil ar an scoil agus ar na leanaí.
- ✓ **Airgeadas –** Seans go mbeadh brabús le déanamh ag an scoil ar an teacht isteach ón léiriú drámatúil
- ✓ **Forbairt Foirne –** Seans go bhfuil múinteoir ar an bhfoireann agus luí aige / aici leis an drámaíocht
- ✓ **Sóisialta –** Tugann sé pobal na scoile le chéile ar bhealach dearfach.
- ✓ **Taitneamhach**

Na Buntáistí a ghabhann leis an Dráma Scoile

- ➢ Ba chóir do na páistí agus don lucht féachana rud éigin a fhoghlaim faoi bhuntáiste na hamharclainne
- ➢ Tugann sé deis ceiliúradh a dhéanamh ar obair agus ar chultúr na scoile
- ➢ Tacaíonn se le féinmheas na bpáistí
- ➢ Tugann sé sásamh ealaíonta dóibh siúd a bhíonn páirteach
- ➢ Tugann sé léiriú ar luach oideachasúil na drámaíochta do thuismitheoirí – más rud éigin é a eascraíonn ó obair an tseomra ranga!
- ➢ Is féidir an nasc idir phobal na scoile agus an pobal áitiúil a threisiú.
- ➢ Meallann sé tuiscint nios fearr ar an bhfoirm amharclainne; cuidíonn sé leis an bhfeasacht chriticiúil a fhorbairt.

Scileanna Amharclainne a déantar a fhorbairt leis an Dráma Scoile

- ❖ Breathnóireacht
- ❖ Roghnú
- ❖ Eagarthóireacht
- ❖ Struchtúrú agus seiceamhú
- ❖ Múnlú agus díriú
- ❖ Físiú

Is scileanna ard-oird smaointeoireachta iad seo a thrasnaíonn go dtí achair churaclaim eile. Má bhíonn na páistí bainteach le gníomhaíochtaí a fhorbraíonn na scileanna seo bíonn eispéaras luachmhar foghlama á chur ar fáil dóibh. Ná déan dearmad ar na scileanna seo nuair a bhíonn an dráma scoile á phleanáil.

Úsaidtear na scileanna seo chun codanna áirithe don dráma scoile a fhorbairt

~ Ról agus Carachtar
~ Insint
~ Córais neamhbhriathartha (feistis, éadaí, seit srl.)

1) Ról agus Carachtar

Baineann scileanna na ról imeartha le dearcaidh a ghlacadh agus a thuiscint. Ní bhaineann sé le tuinn cainte ar léith nó leis an dath gruaige is fearr a oireann don pháirt. Ba chóir go ndéanfaí ról-imirt a fhorbairt sa seomra ranga. Dá mhéid deiseanna a bhíonn ag páistí chun iniúchadh a dhéanamh ar charachtar, 'sé is doimhne an tuiscint a bheidh acu. D'fhéadfadh léiriú ar charachtar áirithe cuidiú le daingniú na foghlama.

a) Proifíl carachtar a fhorbairt sna páistí.
b) D'fhéadfadh na páistí píosaí a scríobh sna dialanna ó dhearcadh a gcarachtar féin: '*Lá i Saol..'*. D'fhéadfadh nascadh a bheith idir seo agus an scríbhneoireacht chruthaitheach sa Bhéarla.
c) Cleachtaí gluaiseachta chun iniúchadh a dhéanamh ar an tslí ina mbogann carachtar; conas mar a dhéanafadh sí siúl, ithe, ól srl.
d) Cead a thabhairt do pháistí a bhfeisteas féin a roghnú don charachtar. Seans nach mbeadh ann ach aon phíosa amháin éadaí nó aon taca. D'fhéadfaí obair bhreise a dhéanamh ar an bhfeisteas a iniúchadh sa cheacht Amharcealaíona. D'fhéadfadh na páistí an feistas a dhearadh trí shnáithe Fabraic & Snáithín agus d'fhéadfadh deis a bheith acu feistis shimplí a dhéanamh.
e) Tabharfaidh íomhá neamhbheo deis do pháistí iniúchadh a dhéanamh ar an gcaidreamh idir na carachtair. Is féidir leis na páistí tógáil ar na carachtair ar an mbealach seo agus iad ag iarraidh ar rannpháirtithe / ar fhéachadóirí
    - Cé hiad na daoine seo?
    - Céard atá á dhéanamh acu?
    - Céard atá ag teastáil uatha dar leat?
    - Inis dom rud éigin futhu?

2) Insint

Tosaíonn sé seo le seiceamh ar imeachtaí. Céard a dhéanfaidh na carachtair? Céard a tharlaíonn? Cén ord ina dtarlaíonn na himeachtaí? Tá na páistí ag tosú ar thús a chur le scéal. Ba chóir go meallfaí na páistí chun gné an teannais a chur isteach; Conas mar a fhéadfaí cur le speodar an scéil?

a) Clár an scéil:

Baineann sé seo le páistí ag cur ord ar an scéal go feiceálach, cosúil le stiallchartún grinn. Ba chóir go mbeadh léiriú ar na príomh-imeachtaí ón tobchumadh. Is féidir scriopt a fhorbairt níos déanaí ó na léaráidí. Is féidir cláir an scéil a chur le chéile agus dearcaidh dhaoine éagsúla a léiriú Tugann sé seo deis do iniúchadh breise ar an gcarachtar agus deis do pháistí iniúchadh a dhéanamh ar iarmhairt.

b) Teannas drámatúil a chruthú

Má bhíonn an rang iomlán páirteach sa dráma is maith an rud cuid acu a bheith ar fáil mar thuairisceoirí. Seans go bhfuil agallaimh á gcur acu ar bhaill den phobal faoin ócáid atá tar éis titim amach.

c) Íomhánna Neamhbheo

Déan na páisti a mhealladh chun íomhánna a chruthaíonn ceisteanna a mhealladh. Is féidir an stráitéis seo a úsaid chun an scéalaíocht a ghluaiseacht chun cinn ar bhealach éigin.

3) Neamh-Bhriathartha

Baineann sé seo le gach ní nach mbaineann leis an bhfoclaíocht sa dráma; comharthaíocht choirp, comharthaíocht laimhe, gluaiseacht, feisteas, seit agus soilsiú, ionad ar stáitse srl. Tá a lán le foghlaim anseo faoi dhrámaíocht agus faoi léiriú amharclainne. Seans nach dtuigeann páistí fiú an chastacht a bhíonn ag baint lena mbíonn ar bun acu agus ról á ghlacadh acu agus é á chur in oiriúint dá réir dá gcomharthaiocht choirp agus dá ngeatsaíochtaí. Is feidir léargais luachmahra a fháil sa ghnó seo agus tá sé tábhacht ceisteanna a chur a chuidíonn na gnéithe a iniúchadh.

a) Féachaint sa tSúl /Spás

Is féidir cluichí a imirt a mheallann úsáid na súl m.sh. Dunmharú Dúbailte. Is maith an cleachtas an dramaíocht a thaifead len í a léiriú níos déanaí do na daltaí mar feicfidh siad go soiléir cé na nithe is gá a fheabhsú. Tabhair deis do na páistí meastóireacht a dhéanamh orthu féin seachas an múinteoir a bheith ag léiriú na mbotún dóibh

b) Seiteanna Stáitse

Ní mór do na páistí iniúchadh a dhéanamh ar spás a athchruthú. Cé na rudaí a bheadh sa spás sin? Cé na nithe a bheidh ag teastáil uainn? An bhféadfaimís na nithe seo a úsáid ar bhealach eile? Déan na páistí a mhealladh chun a mbíonn acu a úsáid ach iniúchadh a dhéanamh ar iad a úsaid ar bhealach eile. D'fhéadfadh na páistí na seiteanna a dhearadh sna ranganna Amharcealaíona trí thógáil a dhéanamh.

c) Mascanna

Is féidir leis na páistí mascanna a dhéanamh agus iad a úsáid chun iniúchadh breise a dhéanamh ar an dramaíocht. Is uirlisí úsáideacha iad na mascanna don drámaíocht mar cuidíonn siad leis na páistí agus an carachtar a chosaint, a aithint, bhréagnú nó a chur i bhfolach. Seans go mbeadh páistí a mbeadh leisce orthu a bheith páirteach sa dráma níos sábháilte agus níos compordúla dá mbeadh masc orthu.

d) Soilsiú

Bíonn sé costasach soilse a cheannach nó a thógaint ar cíos ach má bhíonn fáil agat orthu is féidir leis an páistí a bheith páirteach i roghnú na ndathanna srl. Freagraíonn dathanna áirithe do mhothúcháin áirithe; agus cuideoidh iniúchadh ar seo le páistí tuiscint a bheith acu ar an soilsiú i léiriú drámaíochta. Cén fáth gur déanadh cinntí áirithe? An dóigh leat go gcuireann sé seo leis an dráma? Cén dath a d'fhéadfadh a bheith níos fearr? Ar bhonn sábháilteachta ní cóir do pháistí a bheith ag oibriú na soilse ach ní hionann seo agus a rá nach féidir leo a bheth páirteach sa phróiséas i leith cinnteoireachta a dhéanamh.

Scrioptanna a fhorbairt

Ba chóir do chéad iarrachtaí an bpáistí ar scrioptanna a fhorbairt tosú le clár an scéil. Is féidir comhrá simplí a chur leis agus roinnt cleachtaí ar an tobchumadh ina dhiaidh sin.

Is féidir scrioptanna a fhorbairt sna bealaí seo a leanas:

- Fóram amharclainne
- Agallaimh
- Scéalta a fhorbairt mar scrioptanna
- Athruithe a dhéanamh ar scrioptanna réamhfhoilsithe
- Agallaimh a thaifead agus a athscríobh
- Scrioptanna a scríobh do phuipéid
- Tús-línte do chomhrá a thabhairt do pháistí agus iarradh orthu leanacht ar aghaidh leis.

Spreagadh

Scéal na Trí Mhuca

Cé?
Na Trí Mhuca
An mac tíre

Genre?
(Ní bhaineann leis seo)

Cén áit?
Sa choill ag teach na muc

Brí?
An mbíonn daoine i gcónaí mar a shílfea iad a bheith?
Uaireanta bíonn sé deacair d'aigne féin a leanúint.

Ábhar
Athrú – ag tógáil tí nua

Cathain?
Am a cruthaítear

Cad / Céard?
Tá eagla ar na muca mar tá a fhios acu go bhfuil an mac tire ag teacht. Déanann siad iarracht teacht ar phlean chun iad féin a chosaint. Ní theastaíonn ón mac tíre an teach a leagan ach tá a dheartháireacha ag cur brú air toisc gur mac tíre é.

Teannas?
Conas mar is féidir leis na muca aire a thabhairt dóibh féin?
Céard a dhéanfaidh an mac tíre?

Eagrú
~Múinteoir i Ról mar an mac tíre ~Mím – ag tógáil tí ~Tobchumadh i ngrúpa ~ Cosán Coinsiasa

Gníomhaíochtaí don bheochan / don suaimhniú….

Moltaí do rudaí le cur isteach sa tacbhosca

Bláth plaisteach (fíorchuma air) ar ghas….. rós
Naprún
Gloinní
Lámhainní
Guthán / guthán soghluaiste
Coróin
Éadaí do fhathaigh / d'abhaic – méid mór
Éadaí do dhaoine beaga, e.g. mionéadaí seacéad síoda le muirrillí gearra go háirithe don fhathach i SAGP
Clóca dubh
Gúna fada
Gruaig bréige d'fhear grinn
Mála láimhe
Seodra (siúnca)
Cleite
Roinnt éadach
Hataí
Carabhait
Bosca adhamaid don chiste
Gaothrán Síneach
Piece of white web curtain for weddings, curtains, bedcovers, cloaks etc
Réimse fabraicí
Cupáin
Teidí, bábóg
Mícrafón
Téad scipeála
Maide siúil
Brat draíochta
Bosca – bosca mistéireach
Tóirse
Buicéad
Sean-bhróg reatha
Cloigíní
Bioráin chniotála agus olann
Paca cártaí
Scatháin
Cordarlach
Píosaí eadaí tarraingteacha
Gnúisphéinteanna
Cótai fada
Eochair
Málaí mothúcháin
Mascanna súl
Maide / camán
Nuachtán
Tuáille cistine – cuir ceangal ann chun puipéad a dhéanamh
Clár mhear-rochtana
Carabhait
Bolgáin séidthe
Rolla stáin bhácála
Cearnóg mhór d'éadach bán
Spéaclaí gréine / Sean ghloiní

Tá tuairimí maithe do na tacaí i '101+ Ideas for Drama' lth. 67 – 78

Is fíor-thacaí cuid acu
Is tacaí sealadacha cuid acu
Is tacaí bréagacha cuid acu